Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Ráiteas Straitéise 2016 – 2018

# Misean

Is é an misean atá againn seirbhís ionchúisimh a chur ar fáil thar ceann mhuintir na héireann atá neamhspleách, cothrom, éifeachtúil.

| | |
|---|---|
| Aidhm 1 | Ardchaighdeáin éifeachtúlachta a choinneáil ar siúl i mbun feidhmiúcháin |
| Aidhm 2 | Comhoibriú le rannpháirtithe i gcóras dlí coiriúil na hÉireann agus le comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse go ginearálta |
| Aidhm 3 | Muinín an phobail as an tseirbhís ionchúisimh a choinneáil |

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí - 2016

# CONTENTS

Réamhrá . . . . . . . . . . 4

Comhthéacs an Réimse Ina nOibrítear . . . . . . . . . . 5

Dúshláin . . . . . . . . . . 5

Deiseanna . . . . . . . . . . 7

Na hAidhmeanna Mórthábhachta . . . . . . . . . . 8

SiochrachaInniúlachta . . . . . . . . . . 11

# Réamhrá



Is cúis áthais dom na straitéisí a chuirfidh an Oifig roimpi go ceann na trí bliana seo romhainn a leagan amach anseo.

Is cuid bhunúsach den dlí agus den dea-ord a choinneáil i réim i bpobal ar bith atá i seirbhís ionchúisimh a fheidhmíonn mar is cóir. Tá na straitéisí a leagtar amach sa ráiteas seo dírithe ar na leibhéil seirbhíse atá ar bun faoi láthair a choinneáil ar siúl, i gcomhthéacs cúrsaí eacnamaíochta a bheith mar atá, agus ar a chinntiú go mbaintear an leas is mó éifeacht as na hacmhainní a bhíonn ar fáil.

Tá nua-aimsearthacht agus athchóiriú suntasach tugtha i bhfeidhm go tréan ar an tseirbhís ionchúisimh le cúig bhliana déag anuas. Le trí bliana anuas tá caomhchóiriú breise oibrithe againn ar na seirbhísí trí ghnáis oibre a athrú agus leas a bhaint as deiseanna teicneolaíochta chun feabhas a chur ar phróisis na hoifige. Tá an sprioc maidir le leibhéal níos ísle lucht foirne sásaithe againn a leagadh síos don Oifig faoin gCreatchóras maidir le Rialú Fostaíochta agus d'éirigh linn sábháil shuntasach a thabhairt i gcrích le trí bliana anuas maidir leis an gcostas a ghabhann leis an Oifig a rith. I rith na tréimhse seo romhainn, táthar tugtha d'oibriú ar mhaithe leis an mbiseach éifeachta atá gnóthaithe cheana féin a choinneáil agus le cur ina cheann.

Táthar le roinnt blianta ag obair ar mhaithe leis an Oifig ar fad a thabhairt le chéile in aon áras ceanncheathrún amháin. Cuirtear romhainn anois an chéim deiridh den phróiseas sin a thabhairt chun críche. Táthar chun cinn go maith maidir leis an bplean sin a bheith déanta faoi R1 2017. Ní amháin go dtiocfaidh sábháil dá bharr seo ó thaobh cúrsaí buiséid, ligfidh sé dúinn freisin dlús níos fearr a thabhairt i gcrích agus an obair a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí.

Ar na réimsí is mó a mbeidh mé féin agus an mheitheal shinsearach bainistíochta ag díriú orthu, beidh a chinntiú go ndéanann an fhoireann ghairmiúil na feidhmeanna a leagtar orthu ar an gcaighdeán is airde. Ní mór chuige sin tuiscint mhion dhomhain ar an dlí coiriúil agus ar an gcóras dlí choiriúil, chomh maith le polasaithe na hOifige maidir le réimse leathan ceisteanna. Cinnteofar go mbíonn deiseanna ar fáil don lucht foirne ar fhorbairt ghairme leanúnach agus sin á gcur ar fáil cuid mhór ag daoine d'fhoireann na hOifige féin ag a bhfuil an saineolas cuí ar réimsí faoi leith.

Dúshlán leanúnach eile a bheidh roimh an Oifig is ea an Treoir ón AE maidir le cearta an íospartaigh, a bhfuil feidhm go díreach léi ón 16 Samhain 2015, a thrasuíomh i ndlí na hÉireann. Táthar fós ag feitheamh leis an reachtaíocht náisiúnta. Leagtar síos caighdeáin faoin Treoir maidir le cearta, cúnamh taca agus cosaint d'íospartach coiriúlachta. Bhí éifeacht a chur leis na cearta atá ar fáil faoi láthair trom ó thaobh acmhainní go dtí seo. Beidh sin ar na gnéithe mórthábhachta is gá a thabhairt san áireamh agus sinn ag féachaint leis na leibhéil seirbhísí atá i réim faoi láthair a choinneáil ar bun i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise seo.

Tá an-tábhacht leis an gcaidreamh atá againn le gníomhaireachtaí eile sa chóras dlí choiriúil ina iomláine. Tá caidreamh dlúth oibre cothaithe againn le himeacht na mblianta le comhghleacaithe sa chóras dlí choiriúil in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Leanfar den chomhoibriú sin idir gníomhaireachtaí éagsúla a chothú agus a fhorbairt ionas go gcinntítear go n-oibríonn an córas dlí choiriúil ar bhealach slán éifeachtúil ar mhaithe leis an uile dhuine dá gcuirimid seirbhís ar fáil.

Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Aibreán 2016

# Comhthéacs an Réimse Ina nOibrítear

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo an dóigh ina dtabharfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí dea-thoradh i gcrích ar an dúthracht maidir le seirbhís ionchúisimh a chur ar fáil ar son Mhuintir na hÉireann atá neamhspleách, cothrom, éifeachtúil.

Bítear ag obair i réimse atá faoi shíorathrú agus ní mór féachaint leis an ábhar dúshláin a thagann dá bharr sin a shárú agus buntáiste a bhaint as na deiseanna. Leagtar amach anseo síos na príomhréimsí dúshláin agus deise a mbeidh tionchar acu ar dhéanamh ghnó na hOifige i rith ré an Ráitis Straitéise seo.

# Dúshláin

## Líon agus Castacht na gCásanna

Ní bhíonn aon smacht ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar líon ná ar chastacht na gcásanna a chuireann eagraíochtaí imscrúdúcháin faoi bhráid. Tháinig ardú le himeacht gach bliain de na trí bliana a bhain le ré feidhme an Ráitis Straitéise roimhe seo ar líon na gcásanna a cuireadh faoi bhráid maidir le cinneadh an ndéanfaí ionchúiseamh nó nach ndéanfaí, mar a tháinig freisin ar líon na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin. Meastar go leanfaidh an pátrún céanna sin ar feadh ré an Ráitis Straitéise seo.

Is é an Garda Síochána a chuireann mórchuid na gcomhad imscrúdúcháin faoi bhráid gach bliain. Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach dtagann comhaid imscrúdúcháin an Gharda faoi bhráid na hOifige ach amháin i gcás na gcomhad is casta agus is tromchúisí. Faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005 tugtar toiliú ginearálta le hionchúiseamh a dhéanann an Garda i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin gan a gcur faoi bhráid na hOifige seo. Le himeacht na mblianta, tá curtha le réimsí na gcionta a thagann faoi scáth an toilithe. Dá réir sin, is iondúil anois gur le cúrsaí níos tromchúisí agus níos casta a bhaineann na comhaid a chuireann an Garda Síochána faoi bhráid na hOifige.

Tá gníomhaireachtaí rialála sainréimsí a chuireann comhaid faoi bhráid na hOifige chomh maith. Orthu sin tá na Coimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, údaráis áitiúla agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Is iondúil, de réir a gcineál, gur comhaid thoirtiúla a thagann faoi bhráid ó na gníomhaireachtaí sin agus go mbaineann ceisteanna casta dlí leo.

Bhí tosca eile le blianta beaga anuas, mar shampla athrú ar an dlí agus dul chun cinn ó thaobh teicneolaíochta, le breis toirtiúlachta agus castachta ó thaobh an ábhair a cuiredh faoi bhráid na hOifige. Bhí, agus tá go fóill, ardú anuas air sin ar líon na gcomhad maidir le calaois agus coiriúlacht an bhóna bháin. Cuireann cásanna den chineál sin ualach thar a bheith trom ar an Oifig.

Chomh maith leis sin uilig, leanann an chuid is mó de na cásanna a thriailtear os comhair na Cúirte Cuarda agus os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla níos faide ná a leanadh. Meastar go seasfaidh an pátrún sin i rith ré an Ráitis Straitéise seo.

## Athrú ar an Dlí agus ar Réimse Oibre an Dlíodóra

Bíonn athrú de shíor ar an dlí i réimse oibre na hOifige, cibé ar mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta sin nó mar gheall ar bhreitheanna Cúirte. Ina chomhthéacs sin, tá ról níos tábhachtaí ná mar a bhíodh ag an AE anois i ndáil leis an dlí coiriúil agus leis an nós imeachta sa réimse sin. Is suntasach an dúshlán don Oifig coinneáil ar an eolas faoi chora nua ina leith sin de réir mar a thagann siad chun cinn agus a chinntiú go dtéann an Oifig in oiriúint d'athruithe ar an réimse dlíodóireachta ina bhfeidhmítear. Meastar go leanfaidh an cás amhlaidh i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise seo. Tá dhá athrú le gairid a mbeidh tionchar mór acu ar an Oifig i rith na mblianta beaga

seo romhainn, cinneadh an Rialtais an dara Cúirt Coiriúil Speisialta a chur ar bun agus an Treoir ón AE maidir le hÍospartaigh a chur i bhfeidhm.

Tháinig an Treoir ón AE maidir le hÍospartaigh i bhfeidhm an 16 Samhain 2015. Tá de cheart faoin treoir ag íospartaigh agus ag teaghlaigh íospartach a iarraidh go gcuirtear in iúl na cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus, chomh maith leis sin, a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. Beidh an toradh iomlán ar an Treoir a chur i bhfeidhm níos soiléire de réir mar a bhíonn an bhliain 2016 á caitheamh. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar, anuas ar an méid sin, ag an reachtaíocht a rith níos deireanaí i mbliana trína ndéantar an Treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann ar na hacmhainní is gá chun a chinntiú go leanann an Oifig seo de na dualgais go léir faoin Treoir a chomhlíonadh.

## Acmhainní

Beidh ardú ar líon na gcásanna, breis castachta, athruithe ar an dlí, Cúirteanna nua agus cásanna Cúirte a leanann níos faide ina n-ábhar brú maidir le hacmhainní airgid agus acmhainní pearsanra na hOifige. Ar na hábhair dúshláin a leanfaidh ar feadh ré iomlán an Ráitis Straitéise seo, beidh a chinntiú go mbíonn na hacmhainní ar fáil is gá chun déileáil mar is ceart leis an obair ionchúisimh. Taobh amuigh den mhéadú iomlán ar líon na gcásanna a chuirtear faoi bhráid agus ar chastacht na gcásanna céanna, meastar go mbeidh tosca éagsúla eile le brú faoi leith ar acmhainní. Orthu sin, beidh an obair nua a eascraíonn ón Treoir ón AE maidir le hÍospartaigh a chur i bhfeidhm, an dara Cúirt Choiriúil Speisialta a chur ar bun chun déileáil le riaráiste cásanna atá le héisteacht, agus breis cásanna cúirte a leanfaidh go ceann i bhfad agus a eascraíonn ó bhearta imscrúdúcháin maidir le cúrsaí airgeadais.

## Baill Foirne Tréitheacha a Earcú agus a Choinneáil

Ar na dúshláin a chuirtear roimh an Oifig, agus ar dócha gur géire an t-ábhar dúshláin a bheidh ann i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise seo, beidh lucht gairme dlí d'ardinniúlacht a earcú agus, go háirithe, a choinneáil. Ó tá feabhas ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta anois, is deacra don Oifig, mar gheall ar an tuarastal tosaigh do dhlíodóirí, atá íseal ar bhonn comparáide, agus ar athruithe ar an scála tuarastail a thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe isteach sa bhliain 2010, foireann dlíodóireachta den inniúlacht agus de na tréithe is gá a mhealladh agus a choinneáil. Tar éis tréimhse cóiriúcháin, tá tuarastail á dtairiscint arís do dhlíodóirí nuacháilithe, san earnáil phríobháideach, atá an-tarraingteach. Murar féidir leis an Oifig dóthain dlíodóirí leis an saineolas cuí a mhealladh agus a choinneáil, d'fhéadfadh deacracht dáiríre a bheith leis na caighdeáin chuí a choinneáil ar bun agus d'fhéadfadh go gcuirfí isteach freisin ar chumas na hOifige déileáil leis an obair ionchúisimh ar fad a mbeadh aird le tabhairt uirthi.

## Cearta an Duine agus an Comhionannas

Tá aird ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar na coinníollacha faoin reachtaíocht a leagtar amach in alt 42 den Acht fá Choimisún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Ó thaobh fhoireann na hOifige féin, cuirtear cúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais de réir mar a bhaineann siad leis an Oifig i bhfeidhm trí na polasaithe Acmhainní Pearsanra (HR). Coinnítear na polasaithe sin faoi athbhreithniú ionas go gcinntítear go sásaítear leo na caighdeáin chuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas. Maidir le híospartaigh agus le daoine a bhfuil amhras orthu nó cion coiriúil curtha ina leith, leagtar amach i dTreoirlínte mionsonraithe an Stiúrthóra d'Ionchúisitheoirí agus sa Chód Eitice na caighdeáin chuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a mbíonn an Stiúrthóir ag tnúth go gcloífidh gach ionchúisitheoir leo i mbun a gcuid feidhmeanna.

# Deiseanna

## Caidreamh le Gníomhaireachtaí Eile

Tá réimse eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla sa chóras dlí choiriúil. Ionas gur féidir feidhmiú go críochnúil, is den bhunriachtanas go mbeadh caidreamh dlúth oibre ar bun agus á chothú idir gach duine a bhaineann leis an gcóras. Tá Oifig an Stiúrthóra um Ionchúiseamh Poiblí den tuairim riamh gur gné bhunúsach sin d'oibriú éifeachtúil na seirbhíse ionchúisimh.

Le himeacht na mblianta, tá caidreamh dlúth cothaithe againn leis na geallsealbhóirí buntábhachta, ina measc Aturnaetha Stáit, Abhcóidí Ionchúisimh, an tArd-Aighne, an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Gníomhaireachtaí Imscrúdúcháin Sainspeisialta, an tSeirbhís Chúirteanna, an tSeirbhís Promhaidh, Dlí-Eolaíocht Éireann agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a bhaineann le réimse an dlí choiriúil. Leanfar go forbheartach i rith ré feidhme an Ráitis Straitéise seo den chaidreamh atá ar bun cheana féin a fheabhsú agus a neartú.

## Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá oiliúint agus forbairt na foirne ar na bearta príomhthábhachta ag an Oifig seo agus meastar gur den bhunriachtanas é maidir leis an tseirbhís ionchúiseamh a rith go héifeachtach. Leanfaidh an Grúpa Stiúrtha maidir le hOiliúint sa Dlí den obair ar mhodúil oiliúna den chuimsitheacht a chur i dtoll a chéile don lucht foirne ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Leanfar de chláir oiliúna a chur le chéile ar an sárchleachtas maidir le hionchúiseamh i ndáil le coireanna, athrú ar an reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sainchúram de réimsí áirithe den obair ionchúisimh a thabhairt san áireamh.

Leanfaidh an Oifig freisin den bhealach a réiteach d'oiliúint sheachtrach, ar mhaithe leis an nGarda Síochána agus Dlí-Chumann na hÉireann mar shampla. Tugann sin deis thairbheach an sárchleachtas a chur chun cinn maidir le cion a ionchúiseamh.

## Teicneolaíocht

Leanfaidh an Oifig i rith ré an Ráitis Straitéise seo ag féachaint le forfheabhasú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugtar faoin obair tríd an úsáid is críochnúla a bhaint as teicneolaíocht na linne. Le dhá bhliain anuas, tá úsáid á bhaint go forleathan as an teicneolaíocht ag an Oifig chun cásanna a chur os comhair na cúirte, go háirithe i réimsí de leithéid na calaoise agus choireacht an bhóna bháin. Tá an-bhuntáiste leis sin ó thaobh ábhar toirtiúil a thiomsú, a chur i láthair agus a thuiscint sa chúirt. Beifear ag leathnú le húsáid chur i láthair leictreonaice ar fhianaise de réir mar a oireann.

Leanfar ag obair leis an nGrúpa Oibre Ceartais Coiriúil maidir le Riachtanais Sonraí agus Idir-inoibritheacht d'fhonn córas a thabhairt chun cinn trína soirbhítear do shonraí a chur timpeall ar mhodhanna leictreonacha agus do chomhaid ionchúiseamh a chur faoi bhráid go leictreonach gan cor ná casadh. Déantar faoi láthair mórchuid mhór na gcomhad sin a chur faoi bhráid i bhformáid cruachóipe. Fiú amháin sa chás go gcuirtear cóipeanna leictreonacha den chomhad faoi bhráid, bíonn gá na sonraí príomhthábhachta a chur isteach in athuair de láimh ar an gcóras ríomhaireachta.

## Aon Áras Ceanncheathrú Amháin

Táthar ag tnúth le haidhm na hOifige maidir leis an fhoireann ar fad a bheith in aon áras ceanncheathrún amháin ar Bhóthar na hOtharlainne a thabhairt i gcrích faoi dheireadh na bliana 2016. Aistríodh an chuid is mó de bhrainsí na hOifige go dtí láthair Bhóthar na hOtharlainne le linn ré an Ráitis Straitéise roimhe seo. Bíonn de thoradh ar an Oifig a bheith saipthe ar fud dhá ionad go mbíonn costas seirbhíse dhá áras i gceist chomh maith le dúbailt oibre. Beidh deis úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní agus caomhchóiriú a chur ar phróisis oibre nuair a bheidh cóir á dhéanamh don fhoireann ar fad ar aon láthair amháin.

# Na hAidhmeanna Mórthábhachta

## AIDHM 1: Ardchaighdeáin éifeachtúlachta a choinneáil ar siúl i mbun feidhmiúcháin chun hionchúisimh neamhspleácha, cóir agus éifeachtacha a thabhairt

| Straitéis | Toradh | Bearta Príomhthábhachta |
|---|---|---|
| Lón polasaithe agus treorach a choinneáil ar bun, a leasú agus a fhorbairt maidir leis an modh ina ndéileáiltear le hionchúisimh | Polasaithe agus treoirlínte a thacaíonn leis an bpróiseas ionchúisimh atá i bhfeidhm | Monatóireacht i ndáil leis na polasaithe agus an lón treorach maidir le cúrsaí ionchúisimh |
| Córais a chur i bhfeidhm trína gcinntítear go gcloítear go buanseasmhach leis na polasaithe agus na treoirlínte | An tseirbhís ionchúisimh ag cloí leis na caighdeáin is airde feidhmiúcháin | Iniúchadh ar chásanna a dhéanamh i ndáil leis an leibhéal comhlíontais maidir le polasaithe agus treoirlínte |
| Eolas a chur ar fáil go tráthúil don lucht bainistíochta | Na gnéithe uile den phróiseas ionchúisimh á dtabhairt chun críche go luath tráthúil | Anailís ar thráthúlacht na gcinntí agus ar oibriú na gcásanna trí thuairiscí bainistíochta an chórais bainistithe cásanna |
| A chinntiú go mbíonn dóthain lucht foirne fostaithe agus iad oilte mar is cuí. | An líon foirne á choinneáil de réir an leibhéil is gá | Líon agus leibhéal an lucht foirne a fhostaítear |
| Clár cuimsitheach maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach a chur ar fáil | Oiliúint agus forbairt ar an gcaighdeán is airde ar an lucht foirne | Líon na n-uaireanta an chloig den oideachas maidir le forbairt ghairme a dtéitear fúthu |
| Abhcóidí a cheapadh trí phróiseas iomaíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal feidhmiúcháin de réir na bliana | Abhcóidí ar fáil a bhfuil an leibhéal saineolais is gá acu | Tuairiscí rialta faoin measúnóireacht ar fheidhmiú na n-abhcóidí |
| Seirbhísí riaracháin a fhorbairt agus a choinneáil ar bun atá ina mbonn taca maidir le hobair ionchúisimh na hOifige | Seirbhísí cúltaca ar bun atá éifeachtúil cuimsitheach | Tuairiscí rialta faoi na seirbhísí taca riaracháin |

## AIDHM 2: Comhoibriú le rannpháirtithe i gcóras dlí coiriúil na hÉireann agus le comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse go ginearálta

| Straitéis | Toradh | Bearta Príomhthábhachta |
|---|---|---|
| • An caidreamh ardleibhéil le ceannairí mórthábhachtacha i gcóras dlí choiriúil na hÉireann a choinneáil ar bun<br>• Caidreamh a choinneáil ar bun le heagraíochtaí ionchúisimh i ndlínsí eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go gcoinníonn an Oifig ar an eolas faoi chora nua atá ag teacht chun cinn<br>• A bheith páirteach i ngrúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn eolas a mhalartú agus bearta a thabhairt chun cinn chun dul i ngleic le ceisteanna atá ina n-ábhar buartha<br>• Cion tairbhe a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar an dlí coiriúil trí aighneachtaí a chur faoi bhráid de réir mar is cuí<br>• Comhoibriú maidir le tionscnaimh trasghearrtha maidir leis an dlí coiriúil<br>• Oiliúint i gcúrsaí ionchúisimh a chur ar fáil do lucht foirne eagraíochtaí eile a oibríonn maidir leis an dlí coiriúil | • Caidreamh agus malartú eolais go leanúnach idir rannpháirtithe sa chóras dlí choiriúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta<br>• Oifig an DPP ar an eolas faoi chora idirnáisiúnta maidir le cúrsaí ionchúisitheoireachta agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar obair na hOifige<br>• Athruithe i bhfeidhm ar an nós imeachta ceartais choiriúil ionas go bhfuil feabhas ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht na seirbhíse<br>• Tairbhe a bheith déanta do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta<br>• Caidreamh tairbheach i ndáil le tionscnaimh trasghearrtha le heagraíochtaí eile a oibríonn maidir leis an dlí coiriúil | • Prótacáil idirghníomhaireachtaí ar bun de réir mar is gá<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid faoin athchóiriú ar an dlí coiriúil<br>• Grúpaí oibre éagsúla gus coistí a mbíonn baint ag Oifig an DPP leo<br>• Dul chun cinn maidir le hobair na ngrúpaí agus na gcoistí<br>• Cion tairbhe a dhéanamh maidir le hobair eagraíochtaí idirnáisiúnta<br>• Dul chun cinn maidir le tionscnaimh trasghearrtha i ndáil leis an gcóras dlí choiriúil<br>• Líon na n-uaireanta an chloig oiliúna, na gcúrsaí, na seimineár agus na gcomhdhálacha a chuireann an Oifig ar fáil do gheallsealbhóirí ar fud an chórais dlí choiriúil<br>• An tinreamh ag comhdhálacha a eagraíonn an Oifig<br>• Eolas maidir le cora nua i ndlínsí eile a bheith ar fáil go tráthúil |

## AIDHM 3: Muinín an phobail as an tseirbhís ionchúisimh a choinneáil

| Straitéis | Toradh | Bearta Príomhthábhachta |
|---|---|---|
| Eolas cruinn cuimsitheach faoi obair na hOifige a chur ar fáil agus a choinneáil ar fáil i bhformáidí áisiúla<br><br>Freagra a thabhairt go luath-thráthúil agus go cuimsitheach ar ábhar cumarsáide<br><br>A chinntiú go n-aimsítear dóthain acmhainní chun déileáil leis an obair nua a eascraíonn ón Treoir ón AE maidir le híospartaigh a chur i bhfeidhm chomh maith le haon athrú eile ar an dlí nó aon mhéadú eile ar an ualach oibre le linn ré feidhme na cáipéise seo<br><br>A chinntiú go mbíonn an caidreamh idir dlíodóirí atá ag feidhmiú thar ceann an Stiúrthóra agus íospartach nó finnéithe ag teacht le polasaithe agus treoirlínte na hOifige | Tuiscint ag an bpobal ar obair na hOifige<br><br>Muinín ag an bpobal as an Oifig<br><br>Na hacmhainní is gá ar fáil chun forálacha Threoir ón AE maidir le híospartaigh a chur i bhfeidhm<br><br>Eolas agus cúnamh taca cuí á fháil ag íospartaigh coiriúlachta<br><br>Seirbhís ar an gcaighdeán a thagann le polasaithe agus treoirlínte na hOifige á fháil ag íospartaigh agus ag finnéithe | Tuarascáil Bhliantúil agus foilseacháin eile faoi obair na hOifige a chur ar fáil<br><br>Cuimsitheacht, tráthúlacht agus áisiúlacht a chinntiú maidir leis an eolas a chuirtear ar fáil ar an láithreán gréasáin<br><br>Tráthúlacht a chinntiú maidir le freagra ar iarratas i ndáil le hathbhreithniú agus le cúiseanna a lua<br><br>Líon na n-iarratas maidir le cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh<br><br>Líon na mbeart athbhreithnithe a dhéantar maidir le cinntí agus toradh an athbhreithnithe<br><br>Líon na gcruinnithe réamhthrialach a ndéanann an Oifig éascaíocht ina leith<br><br>Líon na ngearán a dhéantar agus an toradh a bhíonn orthu |

# Siochracha Inniúlachta

Siocair na nithe seo a leanas a bheidh ar acmhainn na hOifige na haidhmeanna a bhaint amach:

## Daoine agus Struchtúir:

- A thabhairt gur cuid dhílis den eagraíocht croíluachanna an neamhspleáchais, na freagrachta, an ionracais agus na hinniúlachta
- Bainistíocht i ndáil le feidhmiú meithle agus feidhmiú an duine aonair
- Forbairt scileanna trí oiliúint, ghluaisteacht lucht foirne, malartú lucht foirne agus meastóireacht
- Bainistíocht eolais, áiseanna taighde agus seirbhísí leabharlannaíochta mar bhonn taca faoi dhéanamh na hoibre
- Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre, i gcoistí agus i gcraobhchórais, go hinmheánach agus go seachtrach

## An teicneolaíocht agus próisis oibre:

- Forbairt bhreise ar an gcóras leictreonach maidir le comhaid ionchúisimh a chur faoi bhráid
- Úsáid a bhaint as fianaise a chur i láthair go leictreonach nuair is cuí
- Tacú leis an tionscnamh maidir le sonraí a chraobhscaoileadh go leictreonach ar fud eagraíochtaí dlí agus cirt i réimse an dlí coiriúil
- Leas a bhaint as Seirbhísí Roinnte na Státseirbhíse agus as seirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais
- Sárchóiriú agus sruthlíniú a thabhairt ar phróisis oibre i gcomhthéacs an cheanncheathrú a bheith in aon áras amháin
- Forbairt leanúnach ar an gCóras Bainistithe Cáis ionas go bhfeabhsaítear na próisis inmheánacha agus go gcinntítear go dtéitear in oiriúint do leasú ar an reachtaíocht agus d'athrú ar nós imeachta na Cúirte
- An tionscnamh maidir le Bainistíocht Eolais san Oifig a bhrú ar aghaidh trí acmhainní leictreonaice a thabhairt chun cinn

## Cúrsaí Rialála:

- Caighdeáin a choinneáil i gcomhréir leis na treoirlínte agus na polasaithe a bhíonn i bhfeidhm
- Maoirseacht arna déanamh ag an gCoiste Iniúchta Inmheánaigh
- Cloí leis na polasaithe agus na treoirlínte maidir le gnóthaí soláthair
- Na dualgais faoin reachtaíocht a shásamh (e.g. Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta, an tAcht Brústocaireachta)
- Polasaí maidir le bainistiú priacail a chur i bhfeidhm